Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5358/22**

**LIMITE**

**CORLX 26**
**CFSP/PESC 41**
**MAMA 10**
**FIN 30**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis |

**CINNEADH (CBES) 2022/... ón gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES**
**a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES[1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/72/CBES, is gá na coinníollacha a leagan amach ar a bhféadfar leanúint de chistí duine éagtha a chalcadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú, dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 2011/72/CBES, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘2a. Gan dochar d’Airteagal 5, i gcás éag duine a liostaítear san Iarscríbhinn:

(a) i gcás ina ndearnadh ciontú coiriúil i leith míleithreasú cistí Stáit i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh go dtí go ndéanfar orduithe cúirte chun cistí an Stáit míleithreasaithe a aisghabháil agus go dtí go ndéanfar íoc fíneálacha a fhorghníomhú;

(b) i gcás nach ndearnadh aon chiontú coiriúil den sórt sin i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh ar feadh tréimhse réasúnach ama, faoi réir Airteagal 12(5). Má thionscnaítear caingean shibhialta nó riaracháin laistigh den tréimhse sin chun cistí Stáit míleithreasaithe a aisghabháil, fanfaidh na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú calctha go dtí go ndíbhfear an chaingean sin nó, má sheastar léi, go dtí go mbeidh ordú na cúirte chun na cistí míleithreasaithe a aisgabháil forghníomhaithe.

2b. Déanfaidh an Chomhairle an liosta san Iarscríbhinn a leasú de réir mar is gá a luaithe a shuífidh sí nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2a maidir le calcadh cistí agus acmhainní eacnamaíocha ba leis an duine éagtha iad, nó a bhí ina seilbh nó faoina rialú, á gcomhlíonadh a thuilleadh.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*